Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11760/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0228(COD)**

**CODEC 1208
UK 202
TRANS 541
PE 92**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 13-16 Meán Fómhair 2021) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Tar éis don seisiún iomlánach an iarraidh a fhormheas an 13 Meán Fómhair 2021 ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) go rachfaí ar aghaidh de réir Riail 163 (an nós imeachta práinneach), thíolaic Coiste TRAN téacs leasaithe den togra thuasluaite a chomhfhreagraíonn, tar éis dó a bheith athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe, don téacs atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an litir a sheol Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe chuig Cathaoirleach Choiste TRAN, an 1 Meán Fómhair 2021.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an seisiún iomlánach an 15 Meán Fómhair 2021, ghlac sé, i nós imeachta vótála aonair, seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh i ndáil le togra an Choimisiúin, mar atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2021)0371

## Síneadh a chur le bailíocht dheimhnithe sábháilteachta agus cheadúnais na ngnóthas iarnróid a oibríonn i dtollán Mhuir nIocht ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2021 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht (COM(2021)0402 – C9-0314/2021 – 2021/0228(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0402),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0314/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 1 Meán Fómhair 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0228**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 15 Meán Fómhair 2021 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 chun síneadh a chur le tréimhse bhailíochta dheimhnithe sábháilteachta agus cheadúnais na ngnóthas iarnróid a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nIocht**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2021.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an nascacht idir an tAontas agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') a áirithiú tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[3], agus chun leanúnachas oibríochtaí na ngnóthas iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nIocht a áirithiú, le Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], cuireadh síneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 le tréimhse bhailíochta na gceadúnas arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe faoi Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] do ghnóthais iarnróid atá bunaithe ina críoch, chomh maith le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach do na gnóthais sin faoi Threoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ar Coimisiún é a bunaíodh de bhun Airteagal 10 den Chonradh idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Poblacht na Fraince maidir le tógáil agus oibriú nasc seasta Mhuir nIocht a dhéanann lamhálltóirí príobháideacha, a síníodh in Canterbury an 12 Feabhra 1986 ('Conradh Canterbury').

---

[3] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

[4] Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht (IO L 437, 28.12.2020, lch. 43).

[5] Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (***IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).***

[6] Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (an Treoir Sábháilteachta Iarnróid) (***IO L 164, 30.4.2004, lch. 44).***

(2) Le Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], tugtar de chumhacht don Fhrainc agus don Ríocht Aontaithe comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích lena ndéantar forlíonadh ar Chonradh Canterbury a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm rialacha sábháilteachta iarnróid laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht. Mar sin féin, níor tugadh an chomhaontú sin i gcrích go fóill nó ní dócha go dtabharfar i gcrích é go luath.

(3) Sna himthosca sin, tá comhaontú trasteorann á chaibidliú ag an bhFrainc leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 14 de Threoir 2012/34/AE maidir le deimhnithe sábháilteachta. Chaibidligh an Fhrainc comhaontú den sórt sin cheana maidir le ceadúnais gnóthas iarnróid, mar a cuireadh in iúl don Choimisiún an 1 Meitheamh 2021 agus arna údarú ag an gCoimisiún an 20 Lúnasa 2021. Maidir leis na nósanna imeachta inmheánacha a cheanglaítear faoi dhlíthe na Fraince agus na Ríochta Aontaithe i ndáil le cur i bhfeidhm sealadach nó teacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin, táthar ag súil go mbeidh 6 mhí ann sula dtabharfar i gcrích iad tar éis dháta éaga na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2222, an 30 Meán Fómhair 2021.

---

7 Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus Oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann Lamháltóirí Príobháideacha a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích (IO L 352, 22.10.2020, lch. 4).

(4) Mura gcuirtear síneadh le tréimhse bhailíochta na gceadúnas agus na ndeimhnithe sábháilteachta chun gur féidir an comhaontú trasteorann maidir le deimhnithe sábháilteachta a chaibidliú, faoi réir an mheasúnaithe atá le déanamh agus an chinnidh cur chun feidhme atá le glacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 14 de Threoir 2012/34/AE, agus chun gur féidir an comhaontú trasteorann maidir le deimhnithe sábháilteachta agus an comhaontú trasteorann maidir le ceadúnais a chur i bhfeidhm go sealadach nó a thabhairt i gcrích, tiocfaidh deireadh le hoibríochtaí na ngnóthas iarnróid lena mbaineann trí Nasc Seasta Mhuir nIocht an 30 Meán Fómhair 2021. Leis sin, chuirfí isteach go mór ar iompar paisinéirí agus lasta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

(5) Dá bhrí sin, is é leas an Aontais é síneadh a chur le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin go dtí an 31 Márta 2022 trí Rialachán (AE) 2020/2222 a leasú.

(6) I bhfianaise na práinne atá i gceist le dul in éag na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2222, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(7) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon síneadh a chur le tréimhse bhailíochta dheimhnithe sábháilteachta agus cheadúnais na ngnóthas iarnróid a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nIocht tar éis dheireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(8) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘2. Na deimhnithe sábháilteachta dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 1(2), beidh siad fós bailí go ceann 15 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘3. Na ceadúnais dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 1(2), beidh siad fós bailí go ceann 15 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.’;

(2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Scoirfidh an Rialachán seo d’fheidhm a bheith aige an 31 Márta 2022.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*